

Nuacht Mhí Feabhra

Fáilte chuig nuachtlitir mhí Feabhra de chuid Thairseach na nEalaíon san Oideachas. An mhí seo, tá físeán nua againn ón amhránaí/scríbhneoir amhrán Mick Blake, fógróimid an dáta le haghaidh Lá Náisiúnta Thairseach na nEalaíon san Oideachas 2017 agus foilsíimid na blaganna is déanaí ón earnáil ar fad, mar chuid dár sraith Aoi-Bhlagaire. Tugaimid an nuacht, na deiseanna agus na himeachtaí is déanaí ón earnáil duit chomh maith.

NUAIGHT FAOIN TAIRSEACH

An tSraith Físeán ó Ealaíontóirí: Mick Blake

San fhíseán is déanaí sa tsraith seo labhróidh an t-amhránaí/scríbhneoir amhrán Mick Blake faoina inspioráid, faoin bpróiseas cruthaitheach agus faoin ngaol idir a thréithe cruthaitheacha agus a thréithe teagaisc. Féach ar an bhfíseán anseo: <https://vimeo.com/205977471>



Chun amharc ar na físeáin uile a choimisiúnaíomar, tabhair cuairt ar: <http://artsineducation.ie/ga/watch-listen-read/>

Tionscadail/Comhpháirtíochtaí:

Clár amharcealaíon sna luathbhlianta atá lonnaithe in an sheirbhís náiolainne pobail i Maigh Eo. Tá an clár faoi stiúir na n-ealaíontóirí Lucy Hill agus Woodland Park Preschool, Cathair na Mart, Contae Mhaigh Eo. Tuilleadh eolais: <http://artsineducation.ie/en/project/a-journey-with-our-children/>



Lá Náisiúnta Thairseach na nEalaíon san Oideachas 2017: Cuir d'áit in áirithe!

Is féidir áirithintí a dhéanamh anois le haghaidh Lá Náisiúnta Thairseach na nEalaíon san Oideachas a bheidh ar siúl Dé Sathairn, an 6 Bealtaine 2017 ar Champas Phádraig in Ollscoil Chathair BÁC. Fógrófar an clár iomlán don lá i mí an Mhárta. Tuilleadh eolais:

<http://artsineducation.ie/en/2017/02/27/arts-in-education-portal-national-day-2017-book-your-place/>



Gairm do Thionscadail/Comhpháirtíochtaí: Spriocdháta Fógartha

Ag gaoch ar mhúinteoirí agus ar ealaíontóirí! Ar mhaith leat do thionscadail/do chomhpháirtíochtaí a chur os comhair phobal na n-ealaíon san oideachas? Is é ár spriocdháta iontrála nua an 9 Márta 2017. Tuilleadh eolais: <http://artsineducation.ie/en/2017/02/22/inviting-submissions-to-projects-partnerships-on-the-arts-in-education-portal/>

Clabhsúr leis an gCúrsa Cáipéisíochta ar Líne

Tugann an tEalaíontóir Digiteach John D'Arcy an scéal is déanaí dúinn maidir le seisiún deiridh an Chúrsa Cáipéisíochta ar Líne, atá ar bun ó mhí Eanáir i leith. Coinnigh súil ar roinnt torthaí ón gcúrsa sin inár nuachtlitr i mí an Mhárta. Tuilleadh eolais:

<http://artsineducation.ie/en/2017/02/23/documenting-projects-and-events-course-summary-from-artist-john-darcy/>



Aoi-Bhlagairí na Tairsí

An mhí seo, leanaimid leis an tsraith le blaganna nua ón earnáil ar fad:

Aoi-Bhlagaire: Carmel Brodrick, Múinteoir

Sa dara ceann ina sraith blaganna, pléann Carmel Hill, múinteoir i mBunscoil Eoin na Trócaire i dTrá Lí, Tionscadal Virtually There. Tuilleadh eolais:

<http://artsineducation.ie/en/2017/02/22/guest-blogger-carmel-broderick-teacher-blog-no-2/>

DEISEANNA

Ceardlann ar Fhorbairt Ghairmiúil Ealaíontóirí in The Ark le Tim Crouch

Tá ceardlann ar fhorbairt ghairmiúil le Tim Crouch á tairiscint ag The Ark. Is é Tim stiúrthóir Jeramee, Hartleby and Ooglemore le Unicorn le haghaidh ealaíontóirí gairmiúla téatair i mí

Aibreáin 2017. Tuilleadh eolais: <http://artsineducation.ie/en/2017/02/09/artist-professional-development-workshop-at-the-ark-with-tim-crouch/>



IMEACHTAÍ

Gníomhaíochtaí an Earraigh de chuid The Ark le haghaidh Scoileanna

Jeramee, Hartleby and Oooglemore - Léiriúcháin i rith laethanta scoile: Dé Máirt, an 25 Aibreán agus Dé Céadaoin, an 26 Aibreán.

Face to Face – Ceardlanna portráide leis an Ealaíontóir Jole Bortoli - 7-24 Márta (Dé Máirt go Dé hAoine, gan an 17 Márta san áireamh) @ 10.15 & 12.15 (Rang 1-6). Tuilleadh eolais:

<http://artsineducation.ie/en/2017/02/09/the-arks-spring-time-activities-for-artists-and-schools/>

